II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN (AE) 2022/2042 ÓN gCOMHAIRLE

an 24 Deireadh Fómhair 2022

lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1284/2009 lena bhforchuirtear bearta sriantacha sonracha áirithe i ndáil le Poblacht na Guine

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 215 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2022/2052 ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 2022 lena leasaítear Cinneadh 2010/638/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne Phoblacht na Guine ([1]),

Ag féachaint don togra comhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) Uimh. 1284/2009 ón gComhairle ([2]), tugtar éifeacht do na bearta dá bhforáiltear i gCinneadh 2010/638/CBES maidir le bearta sriantacha i gcoinne Phoblacht na Guine.

(2) Le Cinneadh (CBES) 2022/2052, tugtar isteach modhnú ar theideal Chinneadh 2010/638/CBES.

(3) Tá gá le gníomhaíocht rialála ar leibhéal an Aontais, dá bhrí sin, chun éifeacht a thabhairt do Chinneadh (CBES) 2022/2052, go háirithe d'fhonn a áirithiú go gcuirfidh oibreoirí eacnamaíocha na bearta sin i bhfeidhm go haonfhoirmeach sna Ballstáit uile.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 1284/2009 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad theideal Rialachán (AE) Uimh. 1284/2009:

"Rialachán (AE) Uimh. 1284/2009 ón gComhairle an 22 Nollaig 2009 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Ghuine".

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) Féach leathanach 74 den Iris Oifigiúil seo.

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 1284/2009 ón gComhairle an 22 Nollaig 2009 lena bhforchuirtear bearta sriantacha áirithe i ndáil le Poblacht na Guine (IO L 346, 23.12.2009, lch. 26).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 24 Deireadh Fómhair 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
A. HUBÁČKOVÁ